Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0118

Foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí (VPA) idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chamarún i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas i dtaca le foraoisí (FLEGT)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chamarún i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (FLEGT) (05673/2025 – C10-0012/2025 – 2024/0245(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05673/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chamarún i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (FLEGT)[1],

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0012/2025),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 17 Meitheamh 2025[2] maidir leis an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus Riail 117(7) dá Rialacha

---

1 IO L 92, 6.4.2011, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2011/201/oj.
2 Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0119.

Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0089/2025),

1. ag tabhairt a toilithe d’fhoirceannadh an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Chamarún.